




sléibhte



fionnadh



carria



beanna



crúb



carr
sleamhnáin


An Fiosraitheoir

TASC 1:

An maith leat féin an scéal faoin fhia rua a chuidíonn le Daidí na Nollag. Cén fáth?

TASC 2:

Ní itheann an fia rua feoil. Ainmnigh 5 ainmhí eile nach n-itheann feoil.



TAISCE TUISCEANA



An Fia Rua

An Fia Rua

Is ainmhí breá mór é an fia rua. Cónaíonn sé in Éirinn agus in go leor tíortha eile ar fud an domhain. Bíonn sé deacair é a fheiceáil toisc go mbíonn sé thuas sna **sléibhte** agus i measc na gcrann go leor den am. Ní miste leis an bhfia rua an aimsir fhuar in Éirinn. Tá cóta mór **fionnaidh** air a éiríonn tiubh sa gheimhreadh agus, mar sin, ní éiríonn sé fuar. Ní itheann an fia rua feoil. Ní itheann sé ach plandaí agus féar.

Is é an **carria** an t-ainm atá ar an bhfia rua fireann. Bíonn **beanna** ar an gcarria. Fásann beanna nua air gach bliain. Tosaíonn siad ag fás san earrach agus bíonn siad an-mhór faoin samhradh. Ansin, titeann na beanna de san fhómhar. Baineann sé úsáid as na beanna móra agus é ag troid leis na carrianna eile. Tá **crúba** air freisin. Cabhraíonn na crúba leis siúl sa sneachta i rith an gheimhridh. Cabhraíonn siad leis bia a fháil faoin sneachta freisin.

Tá fia áirithe ann atá an-speisialta ar fad. Tá srón gheal dhearg air agus is breá le páistí é! Cabhraíonn sé le Daidí na Nollag an **carr sleamhnáin** a tharraingt Oíche Nollag. Tá cáil air ar fud an domhain!



Ceisteanna

- 1. Cé acu atá fíor?**
 - (a) Tá an fia rua mór
 - (b) Tá an fia rua beag
 - (c) Tá an fia rua réasúnta beag
- 2. Cén áit a mbíonn an fia rua le fáil?**
 - (a) In Éirinn amháin
 - (b) I dtíortha éagsúla
 - (c) San fharraige
- 3. Cén fáth nach bhfeiceann daoine an fia rua go minic?**
 - (a) Cónaíonn sé in aice na farraige
 - (b) Cónaíonn sé sa bhaile mór
 - (c) Cónaíonn sé sna sléibhte
- 4. Cén fáth nach mbíonn an fia rua fuar?**
 - (a) Caitheann sé éadaí
 - (b) Tá fionnadh air
 - (c) Bíonn an ghrian ag taitneamh
- 5. Cé acu abairt atá fíor?**
 - (a) Cabhraíonn na beanna leis an gcarria troid
 - (b) Bíonn beanna ar an gcarria sa gheimhreadh
 - (c) Ní bhíonn beanna ar bith ar an gcarria
- 6. Is breá le páistí óga fia áirithe. Cén fáth, dar leat?**
 - (a) Tá sé mór
 - (b) Ní itheann sé feoil
 - (c) Cabhraíonn sé le Daidí na Nollag